

An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre: - Idirghabháil agus Breithiúnas Le linn Covid19

Réamhrá

Tá an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC) tar éis dul i mbun próiseas comhairliúcháin leathan chun tuairimí a gheallsealbhóirí agus a úsáideoirí a fháil amach faoi indéantacht cineálacha cur chuige malartacha chun déileáil le gearáin a chuirtear faoi bhráid an WRC (seachas iad sin a chuirtear faoi bhráid Chigireacht WRC). Maidir leis seo, déileáladh leis na gearáin seo, den chuid is mó, trí idirghabháil agus breithiúnas ar bhonn duine le duine, roimhe seo. Fuarthas díreach faoi bhun 30 aighneacht ar leithligh agus chuir na freagraí seo go mór leis an maitrís seirbhíse atá leagtha amach sa doiciméad seo.

Agus aird á tabhairt ar nósanna imeachta córa agus ar an ngá seirbhís chuimsitheach a sholáthar dá úsáideoirí uile, sa mhéid is féidir, déileálfaidh an WRC le gearáin trí Idirghabháil, Nós Imeachta Scríofa, Éisteachtaí Fíorúla agus, ar aon dul leis an *Treoirchlár le haghaidh an tSochaí agus an Gnó a Athoscailt* agus na prótacail *um Fhilleadh ar Obair go Sábháilte*, agus tabharfaidh an WRC idirghabháil agus breithiúnas éisteachta duine le duine isteach ar bhonn teoranta i seomraí cruinnithe móra ina chúig áitreabh ar dtús báire agus fiosróidh sé suíomhanna oiriúnacha eile freisin.

Leis an mhaitrís seo de mhúnla seachadta, leagtar amach, ar ardleibhéal, conas a sholáthróidh an WRC na seirbhísí seo le linn na tréimhse ina mbeidh na srianta Covid19 i bhfeidhm. Is freagra cothrom é i dtéarmaí seachadadh seirbhíse i gcúinsí atá práinneach ach ag an am céanna, faoi cheangal ama, agus mar sin ,de réir a nádúir, is cúinsí dinimiciúla iad, a choinneofar faoi athbhreithniú agus a mbeidh faoi threoir na dtreoirilínte sláinte, agus a gheobhaidh eolas ó rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí tríd an bpróiseas agus leis an aiseolas .

Sna cúinsí reatha, molann an WRC a mhúnlaí seachadta a chur i ngníomh láithreach agus is féidir le páirtithe toiliú a mheas i bhfianaise na ndrúachtcháipéisí agus na gcáipéisí deiridh. **Táimid ag iarraidh ar pháirtithe/ionadaithe a bheith toilteanach maidir le gearáin a bhreithniú trí imeachtaí scríofa agus éisteachtaí iargúlta araon.**

Tá na nósanna imeachta próiseála reatha maidir le clárú mionsonraithe in Aguisín 1.

Idirghabháil

Leis na freagraí ar an bpróiseas comhairliúcháin, léiríodh go raibh fonn láidir ar idirghabháil a úsáid i ngach cás a oireann don idirghabháil. Tá sé de chumas ag an WRC déileáil le héileamh idirghabhála agus molann sé do pháirtithe smaoineamh faoin bpróiseas agus páirt ghníomhach a ghlacadh ann a oiread agus is féidir. Tá idirghabháil ríthábhachtach don WRC an t-éileamh foriomlán san éigeandáil reatha a chomhlíonadh agus tugann sé deis do pháirtithe a ndifríochtaí a réiteach ar bhealach cairdiúil sna hamanna dúshlánacha seo.

Maidir leis seo, gabhann an tSeirbhís Idirghabhála uirthi féin go gníomhach idirghabháil a thairiscint i gcásanna oiriúnacha a fuarthas agus a próiseáladh le dhá mhí anuas agus, ar an

gcaoi chéanna, tá idirghabháil á tairiscint aici do pháirtithe ar cuireadh a n-éisteachtaí ar atráth mar thoradh ar Covid19 nó ar chúiseanna eile agus atá ag fanacht le dáta éisteachta malartach. Fiú nuair a dhiúltaigh páirtithe do thairiscint idirghabhála roimhe seo, mholfadh an WRC dóibh dul ar ais ar an gcinneadh sin agus machnamh a dhéanamh arís ar an rogha i dtaca leis an díospóid a réiteach trí idirghabháil.

Tá an tseirbhís seo á seachadadh in éineacht lenár ngnáthsheirbhís idirghabhála do pháirtithe a roghnaigh idirghabháil mar an chéad chéim.

I gcásanna ina dteastaíonn cúnamh ó pháirtí, ar chúis ar bith, (m.sh. aistriúchán nó nuair a bhíonn míchumais ar leith i bhfeidhm) mar atá leis an gcleachtas reatha, éascófar é seo a oiread agus is féidir.

Faoi láthair, níl idirghabháil den sórt sin á thairiscint ach ar an teileafón amháin faoi láthair, ach tá an WRC ag fiosrú réitigh TFC fíorúla oiriúnacha a cheadódh idirghabháil den sórt sin a dhéanamh go fíorúil ar bhealach slán, príobháideach agus rúnda.

Nósanna Imeachta i Scríbhinn

Mar fhreagairt ar aighneachtaí, úsáidfidh an WRC a chumhachtaí reachtúla chun gearáin a imscrúdú trí nós imeachta i scríbhinn nuair is féidir agus de réir nósanna imeachta córa. Maidir leis seo, tá an WRC ag athbhreithniú gearáin nach bhfuil oiriúnach le haghaidh idirghabhála nó a cuireadh ar ais chuig an bpróiseas i gcás nár réitíodh na saincheistanna le hidirghabháil, chun iad siúd a mheastar a bheith oiriúnach don phróiseas seo a shainaithint.

Nuair a shainaithnítear cásanna oiriúnacha, scríobhfaidh an WRC chuig na páirtithe, lena gcuirfead in iúl dóibh faoina dteidlíocht reachtúil chun agóid a dhéanamh i gcoinne an nós imeachta laistigh den tréimhse ábhartha agus fanfaidh sé ar dhul in éag na tréimhse sin sula rachaidh sé ar aghaidh. Ar mhaithe le nósanna imeachta córa, ní leanfaidh an WRC ar aghaidh ag úsáid an chur chuige seo ach amháin má thugtar toiliú.

I gcás nach mbeidh aon agóid ann, tarchuirfead an gearán chuig Oifigeach Breithiúnais lena chinntiúchán nó lena chinneadh.

I gcásanna ina dteastaíonn cúnamh ó pháirtí, ar chúis ar bith, (m.sh. aistriúchán nó nuair a bhíonn míchumais ar leith i bhfeidhm) mar atá leis an gcleachtas reatha, éascófar é seo a oiread agus is féidir.

Tá treoirlínte agus nósanna imeachta do pháirtithe maidir leis an gcaoi a gcuirtear é seo i bhfeidhm a luaithe agus a aontaíonn na páirtithe déileáil leis an ábhar trí nós imeachta i scríbhinn arna leagan amach in Aguisín 2.

Éisteachtaí Fíorúla

Arís, mar fhreagairt ar aighneachtaí, molann an WRC imscrúdú a thairiscint trí éisteacht fhíorúil do gach páirtí, ar bhonn píolótach i dtosach agus de réir nósanna imeachta córa agus sainaithníodh an t-ardán “WebEx” mar an fostruchtúr oibriúcháin d’éisteachtaí fíorúla.

Maidir leis seo, tá an Chúirt Oibreachais ag úsáid na teicneolaíochta seo chun a héisteachtaí a sheachadadh agus tá an WRC den tuairim go mbeidh sé níos éasca do na páirtithe an t-ardán céanna a úsáid. Aithnítear nach mbeidh rochtain ag gach páirtí ar theicneolaíocht den

sórt sin agus, in imthosca den sórt sin, tabharfar liostú tosaíochta do ghearáin nach féidir an bealach seo a úsáid ina leith, mar gheall ar an gcúis áirithe sin, sna suíomhanna ábhartha nuair a atosófar éisteachtaí duine le duine.

Reáchtáil an WRC roinnt éisteachtaí trialach ina raibh roinnt páirtithe leasmhara páirteach iontu ón 20 Bealtaine. Fuarthas aiseolas dearfach maidir leis na trialacha seo agus leis an ardán Webex éascófar d'éisteachtaí iargúlta a reáchtáil.

Chuaigh an WRC i dteagmháil le páirtithe atá ag lorg toilithe chun an gearán a éisteacht trí chianéisteacht agus molann sé an chéad éisteacht iargúlta a liostáil don tseachtain dar tosach 13 Iúil. Leanfaidh sé ar aghaidh le cásanna a athbhreithniú ar an mbealach seo agus rachaidh sé i dteagmháil le páirtithe d'fhonn a dtoilithe a lorg.

Ar dtús, agus de réir na cáipéise comhairliúcháin, díreofar an próiseas seo ar ghearáin arna gcur isteach maidir le hEagrú Ama Oibre, Íocaíocht Phá, Caidreamh Tionscail, srl. Mar sin féin, i roinnt freagraí ar an doiciméad comhairliúcháin, iarradh go ndéanfaí gearáin níos casta a mheas ar an mbealach seo agus de réir a chéile, breithneoidh an WRC ar ghearáin den sórt sin a thabhairt isteach in éisteachtaí fíorúla, i bhfianaise eispéiris fhorásaigh a bheidh ag na páirtithe uile maidir le nósanna imeachta agus teicneolaíocht

Tabharfaidh an WRC fógra do pháirtithe faoi na socruithe éisteachta fíorúla trí ríomhphost.

I gcásanna ina dteastaíonn cúnaimh ó pháirtí, ar chúis ar bith, (m.sh. aistriúchán nó nuair a bhíonn míchumais ar leith i bhfeidhm) mar atá leis an gcleachtas reatha, éascófar é seo a oiread agus is féidir.

In Aguisín 3, leagtar amach ná prótacail ina leagtar amach cad a éilítear ar na páirtithe.

Idirghabháil agus Breithiúnas Duine le Duine

Ag teacht leis an *Treoirchlár chun an tSochaí agus an Gnó a Athoscailt* agus na prótacail *um Fhilleadh ar Obair go Sábháilte*, molann an WRC idirghabháil agus breithiúnas éisteachta duine le duine a thabhairt isteach arís ar bhonn teoranta ó dheireadh mhí Iúil, 2020 i seomraí cruinnithe móra ina chúig áitreabh ar dtús agus tá sé ag fiosrú áiteanna oiriúnacha eile i rith na tréimhse.

Tá breithniú leanúnach á dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh na seirbhísí seo atosú agus rachaidh an WRC i dteagmháil leis na comhlachtaí cuí agus lena gheallsealbhóirí i bhforbairt a phleananna ina leith seo, ach tá súil againn go bhféadfar déileáil le líon suntasach gearán ar an mbealach seo nuair a atosóidh éisteachtaí den sórt sin. Tá na moltaí tosaigh maidir le fillleadh ar éisteachtaí duine le duine leagtha amach in Aguisín 4.

Aithníonn an WRC nach mbeadh gach cás, i dtosach ar a laghad, a bheith oiriúnach dá cur de láimh faoi na roghanna malartacha a leagtar amach thuas, ná ní oirfidh na próisis do gach páirtí. Ba cheart go gcabhródh atosú éisteachtaí duine le duine le deacrachtaí den sórt sin a shárú.

Tá an WRC ag obair i gcomhar le treoirlínte FSS agus OOP maidir le seomraí éisteachta níos mó a úsáid agus ní úsáidfimid ach 80% d'acmhainn an tseomra. Ní bheidh aon

chomhairliúcháin idir páirtithe ar an láthair agus dá bhrí sin molaimid go láidir do pháirtithe agus a n-ionadaithe teagmháil a dhéanamh/ dul i gcomhairle lena gcéile roimh an éisteacht, agus d'fhéadfadh rún nó socrú a bheith mar thoradh air sin.

Aguisín 1

Tá an WRC ag fáil gearáin go leictreonach agus de lámh.

Sna cúinsí reatha, ba cheart do gach páirtí agus do gach ionadaí na gearáin seo a chur isteach nuair is féidir ag baint úsáide as an bhfoirm leictreonach gearán atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin WRC.

Ba cheart do pháirtithe seoladh ríomhphoist a sholáthar freisin a fhéadfaidh an WRC a úsáid chun teagmháil a dhéanamh leis na páirtithe ábhartha.

Próiseálann ár Rannán Faisnéise agus Seirbhíse do Chustaiméirí (ICS) iarratais ar ghearáin i dtosach agus leanann an WRC de chomhfhreagras a dhéanamh le gearánaigh agus le freagróirí ainmnithe de réir fhorálacha an Achta um Chaidreamh san Áit Oibre 2015.

Cé gurbh é trí chomhfhreagras cóip chrua a phostáladh an modh cumarsáide roimh an éigeandáil reatha, tá foráil ar fáil chun fógra agus/nó doiciméid a sheirbheáil ar bhealaí leictreonacha faoi Alt 6 den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015.

Maidir leis seo, tá foirmeacha gearáin a cuireadh isteach ó cuireadh tús leis na srianta á scrúdú le haghaidh sonraí teagmhála ríomhphoist don ghearánach agus do na freagróirí ainmnithe go léir, agus i gcás go bhfuil na sonraí ríomhphoist sin ar fáil, tá an gearán á admháil agus tá toiliú iomchuí chun cumarsáid leictreonach a úsáid sa todhchaí á lorg.

I gcás nach gcuirtear sonraí teagmhála ríomhphoist san áireamh ar an bhfoirm ghearáin d'aon cheann de na páirtithe, nó de na páirtithe go léir atá liostaithe, tá an ICS ag iarraidh teagmháil tosaigh a dhéanamh ar an teileafón chun seoladh ríomhphoist a bhunú agus cuirfeadh an duine/na daoine ar an eolas go n-eiseofar ríomhphost tar éis an ghlaio gutháin. Sa chás go soláthraítear seoladh ríomhphoist ar an bhfón, eisítear ríomhphost mar atá mínithe thuas. I gcás ina ndéantar teagmháil den sórt sin, ní shonraítear ná ní dheimhnítear go ndearnadh iarratas gearáin a chomhdú.

Imscrúdú a dhéanamh ar Ghearáin trí Aighneacht i Scríbhinn

Treoirlínte an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre do Pháirtithe/Ionadaithe

Réamhrá

Nuair a dhéileáiltear le cás trí aighneachtaí i scríbhinn, ní dhéantar éisteacht nuair a bhíonn na páirtithe i láthair go fisiciúil nó go cianda.

Tá cumhacht an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC) cásanna a chur de lámh trí aighneachtaí i scríbhinn amháin, leagtha amach in Alt 47 (1) den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015 agus i bpíosaí reachtaíochta gaolmhara eile ar nós alt 8B de na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, alt 79(2A) de na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, agus alt 25(2A) de na hAchtanna um Stádas Comhionann. Beag beann ar an reacht, tá oibleagáid ar an WRC an próiseas imscrúdaithe a sheoladh de réir nósanna imeachta córa agus ceartais bhunreachtúil, agus ní fheidhmeoidh an WRC a rogha féin go neamhdhleathach.

Dá réir sin, in imthosca ina measann an tArd-Stiúrthóir gur féidir déileáil leis an ngearán trí nós imeachta i scríbhinn ní chuirtear ach na páirtithe ar an eolas amhlaidh. Agus é sin á dhéanamh, cuirtear na páirtithe ar an eolas maidir lena gceart agóid a dhéanamh i gcoinne déileáil leis an ábhar ar an mbealach seo.

Is í an tréimhse ina féadfaidh páirtí agóid a dhéanamh i gcoinne déileáil leis an ábhar trí nós imeachta i scríbhinn ná 42 lá le haghaidh gearán faoin Acht um Chaidreamh san Áit Oibre agus faoi na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach agus 28 lá faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, agus um Stádas Comhionann. I gcásanna ina bhfuil teaghlaim de chásanna den sórt sin ann, is é 42 lá an tréimhse “agóide”.

Ba chóir a thabhairt faoi deara go leagtar dualgas ar na páirtithe, leis na forálacha reachtacha thuasluaite, fógra a thabhairt don Ard-Stiúrthóir mura mian leo go ndéileálfai leis an ngearán ar bhonn aighneachtaí i scríbhinn amháin. Mar sin féin, i gcás, tar éis don tréimhse reachtúil iomchuí a bheith imithe in éag, tréimhse ná ndearnadh ceachtar páirtí agóid i gcoinne an t-ábhar a chur de lámh ar an mbealach seo, sannfaidh an tArd-Stiúrthóir an cás d’Oifigeach Breithiúnais (AO) sa ghnáthshlí.

Gearáin a shainaitheint atá oiriúnach do Nósanna Imeachta i Scríbhinn.

Níl aon chatagóir oscailte nó dúnta ann de chásanna a fhéadtar a chur de lámh trí aighneachtaí i scríbhinn amháin. Is é tuairim an WRC gurb iad na cineálacha gearán is oiriúnaí d’imscrúdú trí nós imeachta i scríbhinn ná na gearáin seo a leanas:

- a) Gearáin maidir le Pá agus Uaireanta Oibre (faoin Acht um hEagrú Ama Oibre, 1997 agus an tAcht um Íoc Pá, 1991);
- b) Gearáin maidir le Téarmaí agus Coinníollacha (faoin Acht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994);
- c) Gearáin faoin Acht um Fhógra Íosta & Téarmaí Fostaíochta, 1973;
- d) Gearáin faoi aon reacht ina n-ardaítear saincheisteanna de chineál réamhchéime.

Próiseáil Tosaigh

Nuair a shanntar an gearán, déanfaidh an AO an comhad a athbhreithniú chun:

- (i) a chinntiú nach ndearna an dá pháirtí agóid i gcoinne dul ar aghaidh leis an imscrúdú trí nós imeachta i scríbhinn (agus go bhfuil an tréimhse reachtúil is incheadaithe le haghaidh agóide imithe in éag) agus,
- (ii) a chinneadh an bhfuil gá le tuilleadh sonraí / faisnéise / doiciméadaithe chun críocha an imscrúdaithe.

Réamhcheist

Nuair a chinneann an tOifigeach Breithiúnais go ndéanann an réamhcheist an t-ábhar a chur de láimh (ie gearáin dá dtagraítear ag (d) thuas) is féidir leis / léi Cinneadh a eisiúint ina leith sin, ar féidir achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Oibreachais / na Cúirte Cuarda de réir mar is cuí.

Faisnéis Bhreise

In athbhreithniú an AO, cuimseofar measúnú ar cheart deis a thabhairt do pháirtí freagairt d'ábhar a chuir an páirtí eile ar fáil roimhe seo d'fhonn nósanna imeachta córa a chomhlíonadh. Má tá an tOifigeach Breithiúnais sásta go bhfuil an cháipéisíocht / an fhaisnéis ábhartha uile chun críocha an imscrúdaithe curtha ar fáil, rachaidh sé / sí ar aghaidh leis an imscrúdú agus cuirfidh sé an Cinneadh i gcrích. Tá sé thar a bheith tábhachtach i dtaca le "Breithiúnais ar Nósanna Imeachta i Scríbhinn" go soláthraíonn an dá pháirtí an cháipéisíocht go léir a mheasann siad a bheith riachtanach le haghaidh breithiúnais don WRC laistigh de 14 lá.

Má éilíonn an tOifigeach Breithnithe tuilleadh soiléirithe ar mhionsonraí nó ar fhaisnéis/cháipéisíocht chun críocha an imscrúdaithe, tabharfaidh sé/sí tréimhse de 14 lá don pháirtí lena mbaineann an soiléiriú riachtanach agus/nó faisnéis/doiciméadacht bhreise a sholáthar. Ba chóir gach freagra a dhíriú chuig pru@workplacerelations.ie Nuair a bhíonn soiléiriú agus/nó faisnéis/doiciméadú breise á gcur ar fáil, ba cheart don pháirtí a chuireann isteach é a chur ar aghaidh chuig an taobh eile chomh maith lena sheoladh go díreach chuig an WRC, agus tabharfar tréimhse 14 lá dóibh chun aon bharúil/freagra ábhartha a chur isteach.

Tá lánrogha ag an WRC agus/nó ag an Oifigeach Breithiúnais an tréimhse thuasluaite de 14 lá a shíneadh in imthosca eisceachtúla. Ní mór do na páirtithe aon iarraidh den sórt sin ar shíneadh a leagan amach i scríbhinn agus na cúiseanna sonracha leis an síneadh a leagan amach.

Cinneadh:

Nuair a bheidh an tOifigeach Breithiúnais sásta:

- (i) go bhfuil i ndóthain faisnéise aige/aici chun teacht ar chinneadh faoin ngearán; agus
- (ii) gur cloíodh le nósanna imeachta córa; cuirfidh sé / sí Cinneadh lena eisiúint i gcrích ar an ngnáthbhealach.

Rún Malartach

Sa chás go dtagann faisnéis chun cinn le linn an imscrúdaithe trí aighneachtaí i scríbhinn a d'fhéadfadh cinneadh an Ard-Stiúrthóra a athrú ar bhealach ar bith maidir leis an ngearán a chur de lámh ar an mbealach sin, féadfaidh an tOifigeach Breithiúnais an cinneadh a athbhreithniú, a fhéadfaidh a chinneadh gur cheart an t-ábhar a chur ar aghaidh lena imscrúdú trí éisteacht ó bhéal tar éis breithniú iomlán a dhéanamh ar aon uirill a rinne na páirtithe ar an ábhar seo.

D'ainneoin ceart páirtí agóid a dhéanamh i gcoinne gearán a dhiúscairt ar an mbealach seo, má dhéantar agóid den sórt sin, ba cheart do pháirtí ráiteas cuimsitheach a chur isteach mar sin féin ag leagan amach mionsonraí iomlána a seasaimh i ndáil leis an ngearán agus ba cheart go mbeadh an ráiteas sin in éineacht leis an doiciméadacht tacaíochta ábhartha go léir a mbeidh an páirtí sin ag iarraidh brath air ina dhiaidh sin. Laghdóidh sé seo moilleanna féideartha dá roghnófaí an gearán lena imscrúdú trí chianéisteacht.

Cúnamh do Pháirtithe

I gcásanna ina dteastaíonn cúnamh ó pháirtí, ar chúis ar bith, (m.sh. aistriúchán nó nuair a bhíonn míchumais ar leith i bhfeidhm agus socruithe freastail ag teastáil) mar a dhéantar le cleachtas reatha, éascófar é seo a oiread agus is féidir. Ba chóir aon iarrataí den sórt sin a sheoladh ar ríomhphost chuig pru@workplacerelations.ie a luaithe is féidir.

Imscrúdú a dhéanamh ar Ghearáin trí Éisteachtaí Fíorúla

Treoirlínte WRC do Pháirtithe/Ionadaithe

Réamhrá

Tar éis dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara agus TFC a chur san áireamh, saincheisteanna dlí, nós imeachta, cineál cás agus cumais úsáideora deiridh a chur san áireamh, déanfaidh an WRC éisteachtaí fíorúla a rolladh amach, ar bhonn píolótach i dtosach. Is é an modh malartach éisteachta seo ná seachadadh leanúnach de sheirbhísí breithiúnais a éascú le linn na géarchéime sláinte poiblí atá ann faoi láthair agus ní shamhlaítear ná ní bheartaítear go mbeadh an beart seo ina norm nó go leathnódh sé níos faide ná fad na paindéime.

Tá sé beartaithe an treoir agus na rialacha a chuirtear ar fáil san fhógra seo a chur i bhfeidhm go solúbtha. Níl sé i gceist a bheith forordaitheach go míchuí ach na híoscheanglais agus na nósanna imeachta is gá a shainnithint chun a chumasú don WRC leanúint d'fheidhmiú go héifeachtach le linn na paindéime Covid19. B'fhéidir go mbeidh sé riachtanach an treoir seo a athbhreithniú i bhfianaise cúinsí athraitheacha, agus aird a thabhairt ar eispéireas an WRC, agus eispéireas na bpáirtithe agus na gcleachtóirí, ar an gcaoi a bhfeidhmíonn na socruithe go praiticiúil. Braithfidh rath éisteachta fíorúla WRC ar na saoráidí atá ar fáil do pháirtithe agus ar a dtoilteanas comhoibriú leis an WRC agus oiriúnú go tapa.

Gearáin a Roghnú le haghaidh Éisteachta Fíorúla

Déanfaidh an WRC scagadh tosaigh ar ghearáin chun a n-oiriúnacht le haghaidh éisteachta fíorúla a chinneadh. I gcás go meastar go bhfuil gearán oiriúnach, tabharfaidh an WRC fógra do na páirtithe agus iarrfaidh sé toiliú i scríbhinn faoina gcomhaontú dul ar aghaidh trí éisteacht fhíorúil. Ba chóir do pháirtithe freagra a thabhairt **laistigh de 14 lá**. Measann an WRC nach mbeadh sé ciallmhar le linn na tréimhse tosaigh píolótaí dul ar aghaidh ach le cianéisteachtaí ina bhfuil toiliú tugtha ag an dá pháirtí. Dá bhrí sin, le linn na tréimhse tosaigh píolótaí má dhéanann ceachtar páirtí agóid ní roghnófar an gearán lena imscrúdú trí chianéisteacht. Coinneoidh an WRC an cás seo faoi athbhreithniú agus an fhéidearthacht de chianéisteachtaí a sheoladh ar bhonn éigeantach tar éis don tréimhse píolótach tosaigh a bheith críochnaithe.

Ba chóir a thabhairt faoi deara go gcuiridh an WRC fáilte roimh pháirtithe atá ag lorg éisteachtaí fíorúla ar thoiliú, agus ba cheart iarrataí den chineál seo a sheoladh trí ríomhphost go díreach chuig PRU ag pru@workplacerelations.ie agus an taobh eile a chóipeáil sa ríomhphost.

Riachtanais Gléis Íosta agus Leathanbhanda

I gcás go roghnófar gearán le haghaidh éisteachta fíorúla, cuirfidh an WRC na páirtithe ar an eolas faoi na híoschaighdeáin cumais leictreonacha agus leathanbhanda atá riachtanach chun éisteacht fhíorúil a sheachadadh go rathúil agus ceanglófar ar pháirtithe a dhearbhu go bhfuil rochtain acu ar an gcumas leictreonach agus leathanbhanda seo chun páirt a ghlacadh i gceart san éisteacht fhíorúil.

Seolfaidh an WRC cianéisteachtaí ag baint úsáide as an ardán físchomhdhála WebEx.

Fógra do Pháirtithe

Iarrfar ar pháirtithe i ngearán seoltaí ríomhphoist aonair a sholáthar don WRC de gach rannpháirtí san éisteacht fhíorúil. Ba chóir an fhaisnéis seo a sheoladh chuig an WRC trí ríomhphost chuig pru@workplacerelations.ie 7 lá ar a laghad roimh an éisteacht. Ansin eiseoidh an WRC fógraí trí ríomhphost chuig gach rannpháirtí dá dtugtar fógra le teoracha maidir le conas a bheith páirteach san éisteacht fhíorúil.

Le linn na tréimhse tosaigh píolótaí, ní bheidh feidhm ag an tionscnamh maidir le cásanna ar éisteacht go páirteach leo agus i gcásanna den sórt sin, cuirfidh an WRC na páirtithe ar an eolas faoi na socruithe don éisteacht athchruinnithe duine-le-duine in am trátha. Mar sin féin, tabharfaidh WRC tosaíocht ina dhiaidh sin do sceidealú na gcásanna seo, ar éisteacht go páirteach leo.

Aighneachtaí/Cáipéisíocht

Scríobhfaidh an WRC chuig an dá pháirtí sula ndéanfar an chianéisteacht a sceidealú chun a iarraidh go gcuirfeadh isteach cáipéisíocht i scríbhinn agus leagfaidh sé síos na frámaí ama is infheidhme chun an cháipéisíocht seo a chur isteach. Tabharfar tréimhse de 21 lá do pháirtithe chun aighneachtaí i scríbhinn agus cáipéisíocht tacaíochta a chur ar aghaidh chuig an WRC. Déanfar aighneachtaí a gheofar ó cheachtar páirtí a chóipeáil chuig an taobh eile mar eolas.

Iarrfar ar pháirtithe ráitis i scríbhinn ó fhinnéithe a sholáthar, ina dtabharfar cur síos ar chineál na fianaise a thabharfaidh siad ag éisteacht. Ba cheart cóip den cháipéisíocht go léir a chóipeáil chuig an taobh eile, agus í a sheoladh go díreach chuig an WRC, le haghaidh faisnéise roimh an gcianéisteacht.

Ní mór do pháirtithe aon aighneachtaí agus cáipéisíocht i scríbhinn a mbeifear ag brath orthu ag an gcianéisteacht a chur ar aghaidh chuig an WRC. Féadfaidh an tOifigeach Breithiúnais (AO) a ordú go soláthraíonn gach páirtí ábhar áirithe roimh ré.

Tá sé riachtanach go gcuirfeadh gach páirtí uimhriú leathanaigh agus uimhriú míreanna i bhfeidhm ar gach cáipéisíocht aighneachta. Gan an t-uimhriú leathanaigh seo, beidh sé dodhéanta d'Oifigeach Breithiúnais (AO) agus don pháirtí eile tagairt a dhéanamh do mhíreanna áirithe in aighneacht le linn cianéisteachta agus iad a leanúint.

Ba cheart gach cáipéisíocht agus páipéar atá á gcomhdú go leictreonach a sheachadadh i bhformáid PDF agus a sheoladh i ríomhphost chuig pru@workplacerelations.ie . **Ba cheart do gach páirtí an taobh eile a chóipeáil freisin san ríomhphost agus aighneacht á chur isteach chuig an WRC.**

Cosaint Sonraí

Ní mór do pháirtithe agus (más infheidhme) a n-ionadaithe dlí gach beart is gá a dhéanamh chun rúndacht agus slándáil a chinntiú d'aon chomhfhreagrais nó doiciméad de chineál rúnda nó íogair a tharchuirtear go leictreonach agus beidh siad freagrach i gcónaí as comhlíonadh na gceanglas infheidhme de GDPR go léir.

Aighneachtaí Déanacha

Bíonn tionchar suntasach ag aighneachtaí déanacha ar chumas páirtí agus AO ullmhú le haghaidh breithiúnais, agus do pháirtí comhairle iomchuí a fháil a mbeidh tionchar diúltach aige, dá réir sin, ar réachtáil éifeachtúil agus éifeachtach na héisteachta ar an lá.

Ní rachaidh éisteacht fhíorúil ar aghaidh i gcásanna nach mbeidh na haighneachtaí i scríbhinn agus/nó an cháipéisíocht ábhartha riachtanach curtha ar aghaidh ag na páirtithe agus malartaithe leis an taobh eile **21 lá ar a laghad roimh dháta na héisteachta**. Beidh inghlacthacht aon ábhair ina dhiaidh sin ina ábhar le cinneadh ag an AO i gcoinne tagarmhairc d'imthosca eisceachtúla.

Is éard atá i gceist le toiliú le héisteacht fhíorúil ná toiliú leis an gcáipéisíocht a sholáthar laistigh den scála ama seo. I gcás nach ndéanann páirtí amhlaidh agus go gcuirtear bac ar an éisteacht fhíorúil dá bharr, féadfaidh an WRC smaoineamh ar an tairiscint d'éisteachtaí fíorúla don pháirtí sin amach anseo a tharraingt siar.

Freastalaithe ag Éisteachtaí Fíorúla

Ceanglófar ar pháirtithe dearbhú i scríbhinn a sholáthar maidir le hainmneacha agus sonraí teagmhála de gach duine a bheidh "i láthair" ag an gcianéisteacht i leith an pháirtí sin. Ba cheart do pháirtithe a dhearbhu freisin an mbeidh na rannpháirtithe (lena n-áirítear ionadaithe agus finnaithe) ag an gcianéisteacht ag glacadh páirte ó shuíomhanna fisiceacha ar leithligh nó coiteanna.

Más mian le rannpháirtithe ó cheachtar páirtí páirt a ghlacadh sa chianéisteacht ó shuíomh fisiceach coiteann (m.sh. oifig atur nae) is gá a dhearbhu go gcloífear go docht le treoirlínte ábhartha maidir le scaradh sóisialta agus sláinte poiblí ar feadh ré na cianéisteachta. In imthosca den sórt sin, beidh sé riachtanach freisin do na rannpháirtithe aonair go léir ceangal leis an éisteacht trí ghléasanna rochtana ar leithligh agus go mbeidh an Oifigeach Breithiúnais iad a fheiceáil ar feadh ré na cianéisteachta.

Ba chóir an fhaisnéis seo a sheoladh chuig an WRC trí ríomhphost chuig pru@workplacerelations.ie 7 lá ar a laghad roimh an éisteacht. Maidir leis seo, tá sé ríthábhachtach go bhfuil an oiread cinnteachta agus is féidir ag an AO maidir le cé ba chóir a bheith i láthair lena chinntiú nach dtosóidh an éisteacht go dtí go mbeidh gach duine tagtha isteach sa seomra éisteachta fíorúla. Nuair is gá, ba cheart go mbeadh na rannpháirtithe in ann dearbhú aitheantais a sholáthar ar an scáileán nuair a iarrann an AO air (mar shampla Pas, Ceadúnas Tiomána nó Cárta Seirbhísí Poiblí).

Imeachtaí a Thaifeadadh

Cuirtear diantoirmeasc ar chianéisteachtaí a thaifeadadh. Iarrfaidh an AO dearbhú ó na páirtithe ag tús na n-imeachtaí nach rachaidh siad i mbun taifeadta neamhúdraithe nó sruthú beo na héisteachta chuig suíomh eile.

Má tá cúis ag an Oifigeach Breithiúnais (AO) a bheith in amhras go bhfuil ceachtar páirtí nó aon duine de na rannpháirtithe ag mainneachtain an riachtanas seo a chomhlíonadh féadfaidh sé/sí a chinneadh an éisteacht a fhoirceannadh.

Ullmhúchán ag na Páirtithe don Chianéisteacht

Tá sé riachtanach bunriachtanais éisteachtaí duine-le-duine a mhacasamhlú chomh dlúth agus is féidir. I gcianéisteachtaí, a úsáideann saoráidí físchomhdhála, caomhnaítear an chuid is mó de na buntáistí a bhaineann le héisteacht ó bhéal, rud a ligeann do pháirtithe agus a n-ionadaithe dlí agus an AO idirghníomhú lena chéile ar bhonn fíor-ama. Beifear ag súil go ndíreoidh páirtithe agus a n-ionadaithe dlí a n-aighneachtaí (agus fianaise, más infheidhme), chun úsáid éifeachtach na teicneolaíochta a chur chun cinn laistigh den tréimhse iomchuí is giorra is féidir.

Ba cheart do na rannpháirtithe a chinntiú go bhfuair siad cuireadh ríomhphoist chun páirt a ghlacadh sa chianéisteacht ó Aonad Clárúcháin Iar-WRC (PRU) go díreach ionas go mbeidh siad réidh le bheith páirteach san éisteacht in am trátha ar an lá ceaptha.

Ba cheart go mbeadh na páirtithe **réidh 20-30 nóiméad ar a laghad roimh thús na cianéisteachta** agus a chinntiú go bhfuil an gléas rochtana luchtaithe go hiomlán, ionas nach dtitfidh siad amach as na héisteachtaí ag céim ar bith. I gcás saincheisteanna teicneolaíochta gan choinne agus dosheachanta, rachaidh an AO ar atráth go sealadach chun go bhféadfaidh an páirtí a bhfuil na saincheisteanna sin aige aghaidh a thabhairt orthu. Murar féidir na saincheisteanna teicniúla a réiteach sa chaoi is go bhféadfaidh gach páirtí páirt a ghlacadh go héifeachtach, cuirfear an éisteacht ar atráth gan dochar d'aon pháirtí. Déanfar iad seo a athsceidealú in am trátha.

Ba chóir do pháirtithe an trealamh a thástáil roimh ré, agus mar sin ní chuirfidh an teicneolaíocht isteach orthu tar éis thosach na n-imeachtaí. Ba chóir scáileáin a shocrú ag 90 céim ar an méarchlár ionas go mbeidh aghaidh an rannpháirtí le feiceáil i gceart. Go hidéalach, ba chóir go mbeadh an cúlra bán nó neodrach agus beidh gné san ardán freisin a ligfidh do rannpháirtithe an cúlra a dhoiléiriú.

Rialacha Ginearálta Éisteachta

Má tá ionadaíocht ag páirtí ag an éisteacht beidh sé riachtanach don ionadaí agus don chliant aontú ar an gcaoi a ndéanfaidh siad cumarsáid faoi rún le linn na héisteachta.

Nuair nach féidir le páirtí rochtain a fháil ar an éisteacht tríd an nasc leis an ardán teileachomhdhála, ba cheart dó/di an WRC a chur ar an eolas láithreach trí ghlaoch a chur ar na sonraí teagmhála ar an bhfógra éisteachta nó ríomhphost a sheoladh chuig pru@workplacerelations.ie . In imthosca den sórt sin, cinnfidh an AO an bhféadtar dul ar aghaidh leis an éisteacht nó an gá é a athsceidealú go dtí dáta níos déanaí.

Mura dtéann páirtí isteach san éisteacht ag an am ainmnithe, féadfaidh an AO (cosúil le héisteachtaí duine le duine) i gcás ina bhfuil an AO sásta go bhfuil “fógra tugtha” don pháirtí, dul ar aghaidh in éagmais an pháirtí.

Ceanglaítear ar na páirtithe agus na hionadaithe na nósanna imeachta céanna a leanúint atá i bhfeidhm ag éisteacht duine le duine os comhair Oifigeach Breithiúnais (AO). Ciallaíonn sé seo

go gcuirtear cosc ar rannpháirtithe ithe agus caitheamh tobac (toitíní agus / nó r-toitíní) le linn na héisteachta.

Ba cheart gach fón póca nó gach gléas leictreonach eile nach n-úsáidtear chun sainchuspóir na n-imeachtaí a mhúchadh nó a chur ina thost ar feadh ré na héisteachta.

Cianéisteachtaí a sheoladh

Riachtanais Rannpháirtithe

Ní mór do rannpháirtithe a chinntiú nach gcuirfead isteach orthu nó nach gcuirfead seachmall orthu le linn na héisteachta. Ba chóir é a sheoladh in áit chiúin shlán.

Mura n-ordaítear a mhalairt, caithfidh gach rannpháirtí a gceamaraí a chasadh air i gcónaí. Níor chóir do rannpháirtithe bogadh ar shiúl ón scáileán gan cead ón AO le linn na cianéisteachta.

Nuair nach mbíonn tú ag labhairt leis an AO, nó mura n-iarrtar a mhalairt air, ba cheart do gach rannpháirtí , **fuaim an mhicreafóin i gcónaí a bhalbhú agus níor cheart iad a neamhbhalbhú ach amháin, nuair a thugann an AO cuireadh dóibh labhairt** . Más mian le rannpháirtí labhairt gan chuireadh, ba chóir dó/di an fheidhm ‘ardú láimhe’ a úsáid ar Webex chun a chur in iúl don AO gur mian leis/léi cur isteach agus fanacht ansin le cuireadh AO chun cainte. Coinneoidh an AO smacht ar an bhfeidhm “balbhaigh micreafóin” ar feadh ré na cianéisteachta.

Ceadaítear an úsáid de chluasáin/gléasanna cinn agus spreagtar í má chabhróidh a n-úsáid le rúndacht imeachtaí a chaomhnú.

Ag féachaint don bhealach ar comhdaíodh na doiciméid, ba cheart machnamh a dhéanamh ar an mbealach is éasca don AO rochtain thapa a fháil ar aon doiciméid nach mór a oscailt. Beidh sé níos éasca don AO agus don pháirtí eile an aighneacht a leanúint agus an pointe atá á dhéanamh a leanúint, má dhéanfaí tagairt don aighneacht, uimhir an leathanaigh agus uimhir na míre dá dtagraítear.

Sa chás go mbeadh deacrachtaí teicniúla ag aon duine de na rannpháirtithe le linn na cianéisteachta (mar shampla cailliúint naisc shealadach nó buan leis an ardán teileachomhdhála), ba cheart dó / di an WRC a chur ar an eolas láithreach trí na sonraí teagmhála ar an bhfógra éisteachta a ghlaoch nó ríomhphost a sheoladh chuig **pru@workplacelrelations.ie**. In imthosca den sórt sin, rachaidh an AO ar atráth go sealadach chun go bhféadfaidh an páirtí a bhfuil na fadhbanna sin aige nó aici, iad a réiteach. Murar féidir na saincheisteanna teicniúla a réiteach sa chaoi is go bhféadfaidh gach páirtí páirt a ghlacadh go héifeachtach, cuirfead an éisteacht ar atráth gan dochar d'aon pháirtí. Déanfar iad seo a athsceidealú in am trátha.

Tá seicliosta riachtanas ar fáil in Aguisín 5 a d'fhéadfadh a bheith ina chúnamh do pháirtithe nach mbeidh aon duine ag feidhmiú dó nó di agus iad ag ullmhú le haghaidh cianéisteachtaí.

Nósanna Imeachta le linn Cianéisteachta

Réamhábhair

Ag tús na héisteachta, tabharfaidh an AO breac-chuntas ar na rialacha agus na prótacail atá le leanúint le linn na héisteachta fíorúla. Déanfaidh an AO rialú ar an méid a dúirt na rannpháirtithe ag an éisteacht, sa chaoi go mbeidh aon rannchuidiú agus cur isteach ó bhéal faoi réir chuireadh an AO i gcónaí. Ní mór do rannpháirtithe staonadh ó labhairt gan chuireadh agus gan labhairt thar gach ordú a sheachaint d'fhonn a chinntiú go mbeidh an cianéisteacht á reáchtáil go héifeachtúil agus go rianúil.

Iarrfaidh an AO ar na páirtithe iad féin a aithint go soiléir agus féadfaidh sí roinnt ceisteanna soiléirithe a chur d'fhonn a dhearbú go bhfuil céannacht an duine ar cheamara mar an gcéanna leis an duine a bhfuil baint aige leis an ngearán a cuireadh isteach i leith breithiúnais. Féadfaidh an AO aon treoracha breise a thabhairt ar mian leis/léi a dhéanamh maidir le ceamaraí agus micreafóin a úsáid.

Is faoin AO atá an cinneadh maidir le conas a dhéantar éisteacht a sheoladh. Mar is amhlaidh le héisteachtaí duine le duine, agus feidhmeanna imscrúdaithe reachtúla á gcomhlíonadh aici, tá oibleagáid ar an AO ceanglais an nós imeachta chóir agus an cheartais bhunreachtúil a chomhlíonadh. Níl na ceanglais seo socraithe ach beidh siad ag brath ar chúinsí uile an cháis agus féadfar difríocht a bheith ann idir na nósanna imeachta.

Sula dtosóidh sé ar an éisteacht, fiafróidh an AO de na páirtithe más mian leo deis a thapú chun dul i mbun díospóireachtaí d'fhonn iarracht a dhéanamh teacht ar shocrú maidir leis an ngearán. Más mian leis na páirtithe dul i mbun díospóireachtaí cuirfidh an AO an cianéisteacht ar atráth go sealadach ar feadh tréimhse nach faide ná 15/20 nóiméad chun an teagmháil seo idir na páirtithe a éascú. Neambhalbhóidh an AO micreafóin na bpáirtithe a mbeidh orthu fanacht nasctha leis an gcianéisteacht ar feadh ré na díospóireachtaí. Fanfaidh an cianéisteacht ar fionraí ar feadh ré na díospóireachtaí agus ba cheart go mbeadh na páirtithe réidh chun atosú nuair a bheidh an t-am comhaontaithe caite. Fágfaidh an AO an cruinniú chun líomhaintí faoi iompar míchuí a íoslghdú agus rachaidh sé isteach arís ag an am comhaontaithe.

An Éisteacht

Fiafróidh an AO an gá aghaidh a thabhairt ar aon réamhcheisteanna. I bhformhór na gcásanna glacfaidh an AO fianaise maidir le réamhphointí a ardaíodh ón dá pháirtí agus ansin rachaidh sé ar aghaidh chun an t-éileamh / na héilimh shubstainteacha a éisteacht.

Iarrfar ar an dá pháirtí, ar a seal, breac-chuntas gonta a thabhairt ar a seasamh maidir leis na héilimh a dhéantar (ag brath ar an gcineál cáis agus dualgas cruthúnais cén taobh a thosóidh ar dtús).

Ansin tógfaidh an AO fianaise dhíreach ón dá pháirtí agus ó gach finné ábhartha eile, más gá. Tabharfar an deis don pháirtí eile, nó dá ionadaí, na páirtithe agus finnéithe eile a cheistiú maidir leis an bhfianaise a thug siad. Féadfaidh an AO sosanna tréimhsiúla a ghlacadh le linn na héisteachta chun ligean do pháirtithe agus a n-ionadaithe dul i gcomhairle lena gcéile ar bhonn rúnda.

Nuair a bheidh gach fianaise tógtha, tabharfaidh an dá pháirtí an deis achoimriú ar an gcás a chur i láthair, ar dtús ag an bpáirtí, nó ag a ionadaí, ar a bhfuil an dualgas cruthúnais ina luí, lena n-áirítear pointí dlí a chur isteach agus cásdlí ábhartha a thabhairt isteach. Ansin déanann

an páirtí eile, nó a ionadaí, lena n-áirítear pointí dlí a chur isteach agus cásdlí ábhartha a thabhairt isteach.

In imthosca eisceachtúla amháin, féadfaidh an AO aontú le hiarratas nó cinneadh a dhéanamh gur gá tuilleadh faisnéise a chur isteach tar éis na héisteachta agus aontófar na hamlínte d'aighneachtaí den sórt sin ag an éisteacht. Caithfear cloí go docht leis na hamlínte seo. Mura ndéantar amhlaidh d'fhéadfadh go n-eiseofaí cinntí in aon chor. Tá sé de dhualgas ar na páirtithe/ionadaithe cibé faisnéis a mheasann siad a bhaineann leis an ngearán a sholáthar 21 lá roimh an éisteacht.

Cuirfidh an AO na páirtithe ar an eolas nuair a bheidh an éisteacht críochnaithe agus beidh sé/sí ar an gcéad duine a fhágfaidh an éisteacht fhíorúil. Ní bheidh aon idirghníomhaíocht bhreise ag na páirtithe leis an AO a luaithe a fhágfaidh sé/sí an éisteacht.

Éileofar ar finnéithe

Sa chás go bhfuil finné ag tabhairt fianaise, caithfidh an finné sin a cheamara agus a mhicreafón a choinneáil air i gcónaí. Ba chóir go mbeadh an finné ina aonar i seomra slán agus na doirse dúnta. Ba cheart don fhinné a chinntiú nach gcuirfear isteach air nó nach gcuirfear seachmall air le linn an ama atá sé i láthair ag an éisteacht fhíorúil. Féadfaidh an AO a cheangal ar an bhfinné a chruthú (tríd an gceamara a bhogadh) go bhfuil sé/sí ina aonar sa seomra.

Ba cheart go léann an finné gach ráiteas arís chomh maith le haon cháipéisíocht a bhaineann lena rannpháirtíocht san éisteacht agus cóip de na doiciméid sin a bheith leo, más gá.

Ba cheart d'ionadaithe staonadh ó aon fhinnéithe a spreagadh agus fianaise á tabhairt ar aird aige nó aici. Más gá, féadfaidh an AO na himeachtaí a chur ar atráth go sealadach chun ligean d'ionadaithe treoracha a ghlacadh ó fhinnéithe. Ní dheonófar é seo, áfach, fad a bheidh an finné ag tabhairt na 'fianaise go príomha' nó fad a bhíonn a gcuid fianaise á tástáil ag an AO nó faoi 'chroscheistiú'.

Cúnamh do Pháirtithe

I gcásanna ina dteastaíonn cúnamh ó pháirtí, ar chúis ar bith, (m.sh. aistriúchán nó nuair a bhíonn míchumais ar leith i bhfeidhm agus socruithe freastail ag teastáil) mar a dhéantar le cleachtas reatha, éascófar é seo a oiread agus is féidir. Ba chóir aon iarrataí den sórt sin a sheoladh ar ríomhphost chuig pru@workplacerelations.ie a luaithe is féidir.

Imscrúdú a dhéanamh ar Ghearáin trí Fhilleadh ar Éisteachtaí Béil

Amchláir Mholta

Réamhrá

Go luath amach anseo déanfaidh an WRC gearáin a chur de láimh go príomha trí nós imeachta i scríbhinn agus éisteachtaí fíorúla. Táimid ag iarraidh ar pháirtithe/ionadaithe a bheith toillteanach maidir le gearáin a bhreithniú trí imeachtaí scríofa agus éisteachtaí iargúlta araon. Mar sin féin, soláthróidh an WRC líon teoranta éisteachtaí duine le duine ó dheireadh mhí Iúil.

Sliotáin Ama le haghaidh Éisteachtaí Duine le Duine

Tá sé beartaithe ag an WRC tús a chur le héisteachtaí duine le duine ag deireadh mhí Iúil 2020. Tionólfar na héisteachtaí seo i dtosach in áitribh WRC. Beidh cur chuige seo faoi athbhreithniú agus breithneofar ionaid bhreise sa todhchaí faoi réir oiriúnachta.

I dTeach Lansdún i mBaile Átha Cliath liostálfar éisteachtaí ag na sliotáin ama seo a leanas gach lá:

- Sliotán Ama 1: 8rn go 10:30 rn
- Sliotán Ama 2: 11rn go 1:30 in
- Sliotán Ama 3: 2in go 4:30 in
- Sliotán Ama 4: 5in go 7:30 in

Tiocfaidh roinnt athruithe ar na socruithe seo ag láithreacha eile de chuid an WRC, ag brath ar infhaighteacht an tseomra agus an Oifigigh Breithiúnais.

Tuigeann an WRC go mbeidh na sliotáin ama seo an-dúshlánach do pháirtithe agus go deimhin beidh dúshlán mór roimh an WRC. Mar sin féin, má tá an WRC chun na cásanna a éilíonn éisteacht leantach, cásanna a cuireadh ar atráth agus na cásanna a fuarthas ó mhí an Mhárta a chur de láimh go tráthúil, tá an cur chuige seo riachtanach.

Is é tuairim an WRC gur féidir tromlach na n-éisteachtaí, má ullmhaíonn na páirtithe iad i gceart, a chur de láimh nó dul chun cinn suntasach a dhéanamh orthu laistigh den tréimhse ama a cheadaítear. Rachaidh an WRC i dteagmháil le páirtithe agus le hionadaithe nuair a bheidh sé réidh le dul ar aghaidh chuig éisteacht. Ní dheonófar na socruithe seo a chur siar ach in imthosca eisceachtúla agus ar chúiseanna substaintiúla.

Treoirlínte agus Fógraí

Tá an WRC tiomanta páirtithe, ionadaithe agus finnétithe a choinneáil slán le linn éisteachtaí breithiúnais pearsanta. Beidh treoir shonrach ar fáil ar shuíomh Gréasáin WRC agus eiseofar í chuig páirtithe agus ionadaithe roimh na héisteachtaí breithiúnais. Bítear ag súil go gcomhoibreoidh páirtithe agus ionadaithe leis an WRC maidir leis an treoir seo.

Tá an WRC ag leanúint treoirlínte na Roinne Sláinte chun sláinte agus sábháilteacht gach duine a chinntiú i dtimpeallacht rialaithe. Níor chóir do pháirtithe/ionadaithe teacht chuig éisteacht breithiúnais más rud é:

- Go bhfuil comharthaí tinnis orthu ar nós casachta agus sraothartach Go bhfuil siad ag aireachtáil go dona
- Go raibhdhlúth-theagmháil acu le cás Covid19 amhrasta, dóchúil nó deimhnithe • Nach bhfuil siad toilteanach cloí le treoirlínte WRC

Féadfar a iarraidh ar pháirtithe dearbhú a shíniú gur féidir leo na coinníollacha thuas a chomhlíonadh / glacadh leo ag láthair na héisteachta ar an lá. Más rud é go dteipeann orthu déanamh amhlaidh, d'fhéadfaí go gcuirfear an éisteacht ar ceal.

Ba chóir do rannpháirtithe ag éisteachtaí breithiúnais WRC na fógraí atá sa Fáiltiú agus ar fud an fhoirgnimh a leanúint. Féadfaidh rannpháirtithe maisc a chaitheamh má roghnaíonn siad ach má thugann siad fianaise nó cumarsáid, lena n-áirítear ceisteanna an Oifigigh Breithiúnais a fhreagairt, b'fhéidir go gcaithfear iad seo a bhaint.

Úsáidfear seomraí éisteachta éagsúla le haghaidh gach ceann de na sliotáin ama a liostaítear thuas agus déanfar gach seomra éisteachta a úsáideadh roimhe seo a dhíghalrú, a ghlanadh agus a aeráil ar feadh tréimhse fada sula mbeidh éisteacht eile ar siúl sa seomra sin.

Cáipéisíocht agus Aighneachtaí

Ní mór do pháirtithe agus d'ionadaithe aon aighneacht/cáipéisíocht a sholáthar láithreach arna iarraidh sin agus ba cheart dóibh é a chíoipeáil chuig an taobh eile agus iad á sheoladh chuig an WRC.

Seicliosta Éisteachta Fíorúil do Pháirtithe nach mBeidh aon Duine ag Feidhmiú dó nó di

1. Más oiriúnach chun dul ar aghaidh go héisteacht fhíorúil

- Seiceáil íoschaighdeáin cumais leictreonacha agus leathanbhanda chun dul ar aghaidh:
- seiceáil go bhfuil seoladh ríomhphoist agat agus go bhfuil sé mar an gcéanna leis an seoladh ar tugadh ar an bhfoirm ghearáin, toisc go n-úsáidfeá é le haghaidh éisteachta fíorúla
- seiceáil gur féidir leat [Webex] a íoslódáil agus a shuiteáil
- seiceáil do mhic fuaime (an cumas balbhaithe/neamhbhalbhaithe)
- seiceáil d'fhíseán agus do cheamara
- seiceáil go bhfuil sé de chumas agat gach doiciméad a uaslódáil agus a sheoladh ar ríomhphost i leagan PDF
- seiceáil go dtuigeann tú conas do lámh a ardú, balbhú
- seiceáil an féidir leat éisteacht fhíorúil a dhéanamh in áit shábháilte phríobháideach

Déan an seic seo arís le haghaidh gach duine a bheidh i láthair ag an éisteacht (tá finnéithe san áireamh anseo)

2. Gearáin a Roghnú le haghaidh Éisteachta Fíorúla

- Seiceáil gur thug tú toiliú i scríbhinn laistigh de 14 lá ó fhógra ó WRC chun dul ar aghaidh trí éisteacht fhíorúil
- Seiceáil gur chuir tú sonraí ríomhphoist agus teagmhála gach duine de na rannpháirtithe éisteachta fíorúla ar fáil do WRC
- Déan cinnte go bhfuil sonraí teagmhála agus ríomhphoist agat ó óstach WRC (Seirbhís Bhreithiúnais)

3. Roimh an gCianéisteacht a Sceidealú

- Seiceáil an bhfuil gá le haighneachtaí i scríbhinn (mar aon leis na doiciméid ábhartha uile), agus má tá:
- seiceáil go bhfuil uimhriú leathanaigh agus uimhriú míreanna ar an aighneacht/na haighneachtaí
- seiceáil gur féidir an aighneacht/na haighneachtaí a uaslódáil i bhformáid PDF má dhéantar iad a chomhdú go leictreonach
- seiceáil go ndéantar an aighneacht/na haighneachtaí a chomhdú laistigh den amlíne fhorordaithe mar atá eisithe ag WRC
- seiceáil go ndéantar an aighneacht/na haighneachtaí a chóipeáil chuig an WRC agus chuig an taobh eile, laistigh den chreat ama a thug WRC

4. An Chianéisteacht a sceidealú

- Seiceáil an bhfuil gá le ráitis finné i scríbhinn agus má tá, seiceáil na rudaí seo a leanas:
- seiceáil go bhfuil uimhriú leathanaigh agus uimhriú míreanna ar an ráiteas/na ráitis
- seiceáil gur féidir an ráiteas/na ráitis a uaslódáil i bhformáid PDF má dhéantar iad a chomhdú go leictreonach
- seiceáil go ndéantar an ráiteas/na ráitis a chomhdú laistigh de 21 lá ón bhfógra ó WRC
- seiceáil go ndéantar an ráiteas/na ráitis a chóipeáil chuig an WRC agus chuig an taobh eile, laistigh den chreat ama a thug WRC

- A chinntiú go ndéantar gach aighneacht (mar aon leis na doiciméid ábhartha uile), ráitis finnétithe, agus aon aighneachtaí freagartha a chomhdú agus a mhalartú idir na páirtithe tráth nach déanaí ná 21 lá roimh dháta na héisteachta.
- Bíodh a fhios agat go mbeidh inghlacthacht comhdú aighneachtaí déanacha (ie am ar bith laistigh den 21 lá go dtí dáta na héisteachta) ina ábhar le cinneadh ag an Oifigeach Breithiúnais i gcoinne tagarmharc imthosca eisceachtúla
- Seiceáil gach ainm na ndaoine a bheidh agat i láthair ag an éisteacht agus seiceáil na rudaí seo a leanas:
 - seiceáil go bhfuil sonraí teagmhála de gach duine agat: ríomhphost, agus teileafón
 - seiceáil gur chomhdaigh tú tráth nach déanaí ná 7 lá roimh éisteacht, gach ainm mar aon lena sonraí teagmhála Seiceáil gur uaslódáil tú cóip aitheantais

5. Ar Dháta na hÉisteachta

- Bí i láthair 30 nóiméad roimh am sceidealta na héisteachta**
 - déan athsheiceálacha de réir mhír 1 thuas
 - déan cinnte go bhfuil na teagmhálacha díreacha óstach WRC agat atá ar an bhfógra éisteachta (le haghaidh aon chúnamh)
 - déan cinnte go bhfuil gach doiciméad agat (ar fáil le huaslódáil le roinnt)
 - déan cinnte go bhfuil cóip iomlán de na doiciméid go léir ag d'fhinnétithe uile (gearán, aighneachtaí, ráitis finnétithe).